

# Plean Straitéiseach

2024 - 28

GAILEARAÍ NÁISIÚNTA na hÉIREANN

NATIONAL GALLERY of IRELAND

# Clár na nÁbhar

| | |
|---|---|
| Brollach | **4** |
| Réamhrá | **6** |
| Maidir le Gailearaí Náisiúnta na hÉireann | **10** |
| Misean, Aidhm & Uaillmhian | **14** |
| An Comhthéacs: Dúshláin & Deiseanna | **16** |
| Tosaíochtaí Straitéiseacha | **18** |
| Ár mbailiúcháin bheo a fhorbairt agus cúram a dhéanamh díobh ar mhaithe le leas an phobail | **20** |
| Gailearaí Náisiúnta do chách | **22** |
| Sármhaitheas sna Seirbhísí Corparáideacha | **24** |
| Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha | **26** |
| Struchtúr Eagraíochta | **28** |
| Buíochas | **30** |





# Brollach

**Thar ceann Bhord Gobharnóirí agus Chaomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, tá áthas orainn Plean Straitéiseach an Ghailearaí ó 2024 go dtí 2028 a chur i láthair. Tá an Plean seo dírithe ar an gcaoi a ndéanfar an Gailearaí a fhorbairt chun an freastal is fearr a dhéanamh i dtaca leis na bailiúcháin agus lucht spéise, sna blianta deireanacha de na 2020idí agus ina dhiaidh sin.**

Ullmhaíodh an Plean tar éis comhairliúchán fairsing sa Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann féin agus lenár bpáirtithe leasmhara. Ba é Stiúrthóir an Ghailearaí a bhí i gceannas ar an bpróiseas le tacaíocht ón bhFoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin agus ár gcomhairleoirí seachtracha, Genesis. Cheadaigh an Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí é i 2024. Tagann aidhmeanna an Phlean seo leis na ráitis straitéise is déanaí ónár máthair-Roinn, an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & na Meán.

Táimid buíoch as an tacaíocht a fhaigheann muid ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & na Meán. Táimid faoi chomaoin freisin ag Oifig na nOibreacha Poiblí, ina bhfuil ár bhfoirgnimh agus ár dtailte dílsithe.

Tá Gailearaí Náisiúnta na hÉireann ar cheann de na bailiúcháin ealaíne poiblí is fearr san Eoraip, ar a bhfuil ardcháil de bharr rannpháirtíocht a lucht spéise. Tá bailiúchán iontach againn, Bord agus foireann thiomanta, agus creidimid inár misean agus sa mhéid a dhéanaimid. Tugann an Plean seo cuntas ar an tslí ar mian linn Gailearaí Náisiúnta na hÉireann a fhorbairt mar acmhainn phoiblí d’Éirinn agus don domhan, anois agus sa todhchaí.

## Mary Keane (2020–2024)
## Adrian O’Carroll (2024–2028)

**CATHAOIRLEACH, BORD GOBHARNÓIRÍ AGUS CAOMHNÓIRÍ, GAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA hÉIREANN**




# Réamhrá


**Tá Gailearaí Náisiúnta na hÉireann ar cheann de na gailearaithe ealaíne poiblí is sine sa domhan thiar. Coimeádaimid ceann de na bailiúcháin ealaíne poiblí is fearr san Eoraip ar iontaobhas do mhuintir na hÉireann, agus do chuairteoirí ó gach cearn den domhan. Is muid an t-aon ghailearaí ealaíne poiblí in aon áit ina bhfeiceann tú scoth na healaíne Éireannach agus idirnáisiúnta le chéile, ó ré na Meánaoise go dtí an t-aonú haois is fiche. Déanaimid Éire a nascadh leis an gcuid eile den domhan, agus tugaimid an t-am i láthair agus an t-am atá caite le chéile.**

I 1854, bunaíodh an Gailearaí mar acmhainn phoiblí den scoth do gach duine in Éirinn. Deich mbliana ina dhiaidh sin, i 1864, nuair a d'oscail muid ár ndoirse, bhí saorchead isteach ag daoine le féachaint ar ár mbailiúchán, agus roghnaíodh ár

suíomh go sonrach ionas go mbeadh sé éasca ag an bpobal i gcoitinne cuairt a thabhairt ar an nGailearaí.

Le 170 bliain anuas tá méadú mór tagtha ar an mbailiúchán. Ní raibh againn nuair a d'oscail muid ach faoi bhun 100 saothar ealaíne. Anois i 2024, tá beagnach 17,000 saothar ealaíne againn, agus táimid ag leanúint i gcónaí ag cur go mór lenár mbailiúcháin ealaíne agus cartlainne. Tá an t-ionad taighde is fearr in Éirinn againn chun staidéar a dhéanamh ar an ealaín agus stair na healaíne agus tá cartlann an-mhór againn dírithe ar ealaíontóirí Éireannacha. Tá an stiúideo Caomhnaithe Ealaíne is mó in Éirinn againn agus tá an chéad Shaotharlann Taighde Eolaíoch i músaem ealaíne in Éirinn á forbairt againn faoi láthair.

Tá méadú suntasach tagtha ar ár lucht spéise freisin. Sa lá atá inniu ann, tá an Gailearaí ar cheann de na háiteanna sa tír is mó díol spéise do chuairteoirí ina bhfuil saorchead isteach. I 2023, chuireamar fáilte roimh os cionn milliún cuairteoir chuig ár suíomh i mBaile Átha Cliath, agus thug milliún eile cuairt ar ár n-ardáin dhigiteacha. Táimid ag déanamh níos mó oibre anois le scoileanna agus le daoine óga ar fud an oileáin, agus tá an uaillmhian agus fonn orainn níos mó a dhéanamh. Tá sé tábhachtach go mothaíonn daoine ar fud an oileáin gur leo féin Gailearaí, agus ba mhaith linn ár saineolas chomh maith lenár mbailiúcháin a roinnt le pobal níos leithne. Tá ról tábhachtach idirnáisiúnta againn freisin, agus is mian linn leanúint ar aghaidh agus cur le



caidrimh agus comhpháirtíochtaí le músaeim, bailiúcháin agus daonchairde lasmuigh d'Éirinn.

Tá an domhan athraithe go mór ó 1854, ach tá gníomhaíocht an Ghailearaí fós faoi threoir na bprionsabal a spreag ár mbunaitheoirí. Táimid ann chun cúram a dhéanamh don bhailiúchán mór poiblí seo, agus chun ceangal a chothú idir daoine agus a gcuid ealaíne. Tá sé de dhualgas orainn a chinntiú go gcaomhnaítear ár mbailiúcháin don ghlúin seo agus do na glúnta atá le teacht, agus go bhfaigheann daoine deis an bailiúchán a fheiceáil agus go bhfreastalaítear ar riachtanais lucht spéise atá ag athrú agus ag dul i méid, sa domhan fisiceach agus digiteach araon. Chun é seo a dhéanamh, ní mór dúinn infheistíocht a dhéanamh inár ndaoine agus inár mbonneagar, ar nós, an chéim dheireanach den Mháistirphlean Forbartha a chur chun cinn, agus dul i ngleic le dúshláin um athrú aeráide. Tá an uaillmhian chéanna ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán, maidir lenár dtiomantas dár misean poiblí, agus an tábhacht ar leith a bhaineann leis an nGailearaí do mhuintir na hÉireann. Tá sé mar thosaíocht againn cur lenár bhfoinsí ioncaim agus iarracht foinsí éagsúla eile a aimsiú, lena n-áirítear ioncam ginte ag an nGailearaí féin chomh maith le tacaíocht dhaonchairdiúil.

Tá an saol ag athrú go tapa, ach de thoradh ar ár 170 bliain de thaithí, an tacaíocht ó rialtas na hÉireann agus ár mbronntóirí flaithiúla, sean agus nua, ár gcomhghleacaithe saineolacha, agus ceann de na bailiúcháin ealaíne is uathúla ar domhan, táimid ábalta breathnú chun cinn le fuinneamh agus díograis.

**An Dr Caroline Campbell**

**STIÚRTHÓIR, GAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA hÉIREANN**



*Tá sé tábhachtach go mothaíonn daoine ar fud an oileáin gur leo an Gailearaí*





# Maidir le Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

**Bunaíodh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann i 1854. Is é an foras cultúir is mó in Éirinn atá tiomanta do bhailiú agus cúram na mínealaíne. Tá sárshaothair le cuid de na healaíontóirí is cáiliúla i stair ealaíne Iarthar na hEorpa i mbailiúchán forleathan an fhorais. Chomh maith leis sin, is sa Ghailearaí atá an bailiúchán is ionadaíche ar Ealaín stairiúil na hÉireann. Táimid lonnaithe i lár Bhaile Átha Cliath, i gcroílár cheantar polaitiúil agus cultúrtha na cathrach, ach táimid gníomhach ar fud an oileáin, agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta san Eoraip agus i Meiriceá.**

I measc réimsí gníomhaíochta uaillmhianach agus ilchineálach an Ghailearaí, tá taispeántais atá dírithe ar ealaín na hÉireann agus na hEorpa ón Meánaois go dtí an t-aonú haois is fiche, chomh maith le tionscadail chaomhnaithe agus chartlainne, a chuirimid ar fáil ar an láthair, go digiteach, agus in ionaid náisiúnta agus idirnáisiúnta eile.





Reáchtálaimid clár leathan, cuimsitheach oideachais a oibríonn le lucht spéise ar fud gach aoisghrúpa, agus le go leor earnálacha éagsúla sa tsochaí.

Is í an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán máthair-Roinn Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann. Oibrímid go dlúth freisin le hOifig na nOibreacha Poiblí, ina bhfuil ár bhfoirgnimh agus ár dtailte dílsithe. Faighimid deontas i gcabhair ón Rialtas agus cuirimid leis an ioncam sin trí thacaíocht chorparáideach agus daonchairdiúil agus trí ghníomhaíochtaí tráchtála Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann.

Bíonn saorchead isteach ag an bpobal 361 lá sa bhliain.

I 2023, chuireamar fáilte roimh 1,017,636 cuairteoir agus d'fhostaigh muid breis agus 180 ball foirne.

I 2024, ceiliúrann an Gailearaí dhá lá cuimhneacháin mhóra:

- Comóradh 160 bliain ó osclaíodh an Gailearaí i 1864
- 170ú Comóradh den Acht um Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann i 1854.

Le linn ár staire, rinneadh síneadh a chur lenár bhfoirgnimh trí bhabhta agus osclaíodh na sciatháin seo a leanas:

- *Sciathán Bhaile an Mhuilinn* i 1903
- *Sciathán Beit* i 1968
- *Sciathán na Mílaoise* i 2002.

I 2017, rinneadh caomhnú agus nuachóiriú mór ar Sciatháin Stairiúla an Ghailearaí. Táimid ag obair faoi láthair lenár gcomhpháirtithe rialtais ar an gcéim dheireanach de Mháistirphlean Forbartha an Ghailearaí. Cuirfidh sé seo ar chumas an Ghailearaí áiseanna oideachais, cúram bailiúcháin, agus saoráidí taispeántais a chur ar fáil a bheidh ag teacht le caighdeáin ár mbailiúcháin den chéad scoth.

Le blianta beaga anuas, tá a lán gradam agus creidiúnaithe faighte againn. Ina measc seo tá:

- *An Clár um Chaighdeáin Músaem*
- *An Caighdeán Glas Triarach*
- *Creidiúnú SWiFT 3000*
- *Bonn Airgid um Chaomhnú & Athchóiriú an IRAÉ*
- *Dámhachtainí Lucht Gnó ar son na hEalaíne.*





Is carthanas cláraithe muid (Uimhir Charthanais Chláraithe/ UCC: 20003029, Uimhir Díolúine Cánach na Carthanachta: CHY 2345).

Is iad ár gcuspóirí carthanachta, mar atá leagtha amach in Alt 60 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta (1997), ná:

- Eolas ar na hamharc-ealaíona a mhéadú agus a scaipeadh laistigh nó lasmuigh den Stát, ar cibé modh a mheastar a bheith cuí.
- A bheith páirteach i ngníomhaíochtaí den sórt sin chun airgead a bhailiú chun críocha an Ghailearaí Náisiúnta, de réir mar a mheastar a bheith cuí.



# Misean, Aidhm & Uaillmhian

Tá sármhaitheas agus uathúlacht na mbailiúchán a choinnímid ar iontaoibh ar son gach duine mar bhonn agus thaca ag gach rud a dhéanaimid. Sin an bhunchúis atá lenár misean, ár gcuspóir agus ár n-uaillmhian.

## Misean

Is é ár misean cúram a dhéanamh don ealaín, í a léirmhíniú, forbairt a dhéanamh uirthi agus í a thaispeáint ar bhealach a fhágann go bhfuil Gailearaí Náisiúnta na hÉireann ina áit spreagúil chun taithí a fháil ar ealaín.

Tá sé mar aidhm againn taithí den scoth a chur ar fáil le spéis san ealaín a spreagadh agus chun léirthuiscint a thabhairt do chuile dhuine ar an ealaín.

Táimid tiomanta maidir le daoine agus a n-ealaín a thabhairt le chéile.

## Aidhm

Tá Gailearaí Náisiúnta na hÉireann ann do chách.

Creidimid i gcumhacht bunathraithe na healaíne chun daoine a spreagadh agus a nascadh, saol daoine a shaibhriú agus cur le cáil chultúrtha na hÉireann sa bhaile agus thar lear.

## Uaillmhian

Is mian linn a bheith mar eiseamláir i ndáil le hionchuimsiú, inbhuanaitheacht agus éagsúlacht. Is é ár n-uaillmhian a bheith ina eiseamláir do ghailearaithe náisiúnta, ionas go mbeidh taithí spleodrach lúcháireach agus tumthach ag daoine agus go mbainfidh gach duine taitneamh as Gailearaí Náisiúnta na hÉireann.

Bainfimid é seo amach trínár mbailiúcháin speisialta a thaispeáint, ealaíontóirí a cheiliúradh, cruthaitheacht a fhorbairt agus spásanna a chur ar fáil laistigh agus lasmuigh den Ghailearaí, i gcomhair rannpháirtíocht thairbheach leis an ealaín.

Ba mhaith linn go mbainfeadh gach duine taitneamh as rannpháirtíocht chruthaitheach le Gailearaí Náisiúnta na hÉireann a spreagfaidh fiosracht, a chruthóidh míniú agus a chothóidh grá don ealaín ar feadh an tsaoil.

# An Comhthéacs: Dúshláin & Deiseanna

**Tá Éire, agus an domhan, ag athrú go tapa. Táimid ag maireachtáil i dtréimhse athraithe níos mó ná mar a bhí tráth ar bith ó dheireadh an fichiú haois. Tá fadhbanna móra a bhaineann le tithíocht, iompar, costas maireachtála, agus fás daonra in Éirinn faoi láthair. Tá difríochtaí níos mó ná riamh idir na glúnta, agus tá an scéal níos measa de bharr na meáin shóisialta. Tá an t-ord domhanda an-mhíshocair faoi láthair de bharr, domhandú, athrú aeráide, corraíl laistigh de bhloic cumhachta réigiúnacha, agus líon mór daoine ag bogadh agus ag athlonnú. Ní mór don Ghailearaí a bheith aireach maidir leis an mórphictiúr agus muid ag forbairt ár ngníomhaíochtaí agus ag éabhlóidiú chun freastal ar ár lucht spéise a bheidh ag síorathrú agus muid ag druidim le deireadh na 2020idí agus ina dhiaidh sin.**



Tá cáil láidir náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an nGailearaí as a mbailiúcháin iontacha, a thaispeántais agus a chlár oideachais. Ionas go mbeidh muid ábalta cur leis seo, scrúdóimid bealaí nua chun ár mbailiúcháin a mhéadú, agus chun beocht a chur iontu don lucht spéise. Tá muid tiomanta go hiomlán cloí leis an bprionsabal go bhfuil an Gailearaí ann do chách, agus ceangal a dhéanamh leis an méid daoine agus is féidir.

Tá sé tábhachtach go mbeadh an Gailearaí fáilteach, inrochtana agus spreagúil do chách, agus go mbeadh ár n-uaillmhian maidir le breis maoinithe agus breis fáis ag teacht lenár misean agus lenár gcuspóir, agus ar mhaithe le leas an phobail. Beidh orainn próisis, cleachtais agus meoin a athrú chun foinsí ioncaim éagsúla a chruthú. Mar cheann d'fhorais cultúir náisiúnta na hÉireann, tá ról lárnach againn freisin maidir le hinbhuanaitheacht in earnáil an chultúir in Éirinn, agus an chaoi a dtéann muid i ngleic le hathrú aeráide.



# Tosaíochtaí Straitéiseacha

**Tá príomhthosaíochtaí a mhúnlóidh ár ngníomhaíochtaí agus ár gclár as seo go dtí 2028 san áireamh i bPlean Straitéiseach Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann 2024-28. Cuirfidh na pleananna uaillmhianacha seo lenár mbailiúcháin agus ár dtaighde, déanfar breis forbartha ar an gcaoi a n-oibrímid lenár lucht spéise in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, agus beidh ar ár gcumas a bheith níos inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta agus ó thaobh airgeadais de, agus leagfar an bhunsraith maidir lenár dtodhchaí leanúnach mar ghailearaí ealaíne poiblí rathúil sna 2030idí agus ina dhiaidh sin.**

Tá an Plean leagtha amach de réir cheithre thosaíocht straitéiseacha uileghabhálacha. Beidh cuid díobh ag cur le hobair atá á déanamh cheana féin, tá cuid díobh ag céim phleanála, agus tá cuid eile ag féachaint i dtreo na todhchaí. Cuirfimid ár misean agus ár gcuspóir i gcrích agus bainfidh muid ár n-uaillmhian amach, má dhíríonn muid ár ngníomhaíochtaí ar na tosaíochtaí seo.



Foireann na Ceannaireachta Feidhmiúcháin: Kim Smit, Gillian De Marco, Dr Caroline Campbell agus Andrew Hetherington


# Ár mbailiúcháin bheo a fhorbairt agus cúram a dhéanamh díobh ar mhaithe le leas an phobail


Tá an ealaín Éireannach agus idirnáisiúnta is fearr thar thréimhse seacht gcéad bliain d'éachtaí daoine san áireamh inár mbailiúchán. Déanaimid léirmhíniú agus taighde ar an acmhainn luachmhar seo agus cuirimid leis, ag úsáid na gcaighdeán is airde ó thaobh scoláireachta agus caomhnaithe.

## Príomhthionscnaimh:

- Na bailiúcháin a fhorbairt, taighde a dhéanamh orthu, iad a bhainistiú agus cúram a dhéanamh díobh.
- An chéad Shaotharlann Taighde Eolaíoch a bhunú agus taighde a fhorbairt sa réimse seo.
- Ár seasamh a chinntiú mar choimeádaithe na mbailiúchán Leabharlainne agus Cartlanna is fearr in Éirinn, i ndáil leis an ealaín agus an cultúr físiúil.










SOPHIE
EDUCATION
EDUCATION





# Gailearaí Náisiúnta do chách

Is ceannródaithe muid sa dóigh ina roinnimid ár mbailiúcháin, ár dtaispeántais agus ár saineolas lenár lucht spéise atá ag méadú agus ag athrú, ar láthair an ghailearaí, ar líne, ar fud an oileáin, agus go hidirnáisiúnta.

## Príomhthionscnaimh:

- Cultúr ionchuimsitheach, éagsúlachta agus comhionannais a chothú dár lucht spéise agus dár bhfoireann.
- A chinntiú go mbaineann ár gcuairteoirí taitneamh as eispéireas den scoth i ndáil le bailiúcháin Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, ar láthair an ghailearaí, in ionaid eile, ar líne agus sna foilseacháin.
- Clár Náisiúnta a shainiú, a ullmhú agus a sheoladh do réimse leathan daoine agus pobail ar fud an oileáin.
- An chéad Straitéis um Lucht Spéise 2025–28 de chuid Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.



# Sármhaitheas sna Seirbhísí Corparáideacha

Breathnaítear ar Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann mar mhúsaem den chéad scoth atá tiomanta a chuid saoráidí agus a bhonneagar a fheabhsú, an Máistirphlean Forbartha a chur chun cinn agus acmhainní inbhuanaithe a fhorbairt chun ár n-acmhainneacht a chomhlíonadh, i ndomhan atá ag athrú go tapa.

## Príomhthionscnaimh:

- Straitéis Daoine a fhorbairt ina dtugtar an deis dár ndaoine barr a gcumais a bhaint amach, ag obair le chéile chun spriocanna aonair agus comhroinnte a bhaint amach.
- Cultúr dea-rialachais a neartú agus tacú leis ag gach leibhéal den eagraíocht, de réir ár ndualgais mar fhoras cultúir a bhfuil ardmheas air.
- Cultúr freagrachta comhshaoil a chothú, ag obair go dlúth le hOifig na nOibreacha Poiblí, lena chinntiú go gcomhtháthaíonn Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide an Ghailearaí cleachtais straitéiseacha agus spriocanna rialtais, le dúthracht i leith thodhchaí níos glaise agus níos inbhuanaithe.
- Bonneagar fisiciúil agus digiteach an Ghailearaí a dhaingniú, agus an Máistirphlean Forbartha a chur chun cinn.
- Tacú le cur i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla agus é a chur chun cinn ar aon dul le straitéis an rialtais.



# Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha

Is don phobal atá muid ar an bhfód. Cruthaímid comhpháirtíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus sruthanna ioncaim ar fud na hearnála poiblí agus príobháideach chun ár misean a chur chun cinn.

## Príomhthionscnaimh:

- Oibriú lenár máthair-Roinn (An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & na Meán), Oifig na nOibreacha Poiblí, an earnáil phoiblí i gcoitinne, agus lenár gComhpháirtithe Straitéiseacha eile chun acmhainní cuí a aimsiú don Ghailearaí agus dá ghníomhaíochtaí, agus iad a fhorbairt, ar láthair an ghailearaí, in ionaid eile agus ar líne. Ina measc seo, tá tionscnaimh a dhíríonn ar Shiamsaíocht Oíche agus Imeachtaí Comórtha.
- Ullmhú agus feidhmiú Pleananna Bliantúla um Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara chun príomhpháirtithe leasmhara a chur ar an eolas maidir lenár dtionchar, ár dtosaíochtaí straitéiseacha agus an dul chun cinn atá muid ag déanamh.
- Comhpháirtithe idirnáisiúnta a chruthú agus a chothú éifeachtúlacht a bharrfheabhsú i dtaca le bailiúcháin, cláir agus taispeántais an Ghailearaí.
- Plean Fáis Ioncaim a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina mbeidh Pleananna inbhuanaithe Tráchtála agus Forbartha 2025–28 san áireamh.








NATIONAL GALLERY OF IRELAND



# Struchtúr Eagraíochta

Tá ár ndaoine ríthábhachtach chun ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Tá achoimre thíos ar struchtúr eagraíochta an Ghailearaí agus muid ag tabhairt faoin bplean seo.

- Bord Gobharnóirí & Caomhnóirí — Stiúrthóir
  - Oifig an Stiúrthóra
  - Bailiúcháin & Taighde
    - Caomhnú
    - Coimeádaíocht
    - Oideachas
    - Seirbhísí Taispeántais & Bailiúcháin
    - Leabharlann & Cartlanna
  - Forbairt Lucht Spéise & Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara
    - Tráchtáil
    - Cumarsáid, Margaíocht & Rannpháirtíocht Dhigiteach
    - Forbairt
    - Foilseacháin & Íomhánna
  - Seirbhísí Corparáideacha
    - Airgeadas & Córais
    - Acmhainní Daonna
    - Dlí & Comhlíonadh
    - Oibríochtaí

# Buíochas

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le go leor daoine, laistigh agus lasmuigh de Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, a ndeachaigh muid i gcomhairle leo agus muid ag ullmhú an Phlean seo.

Chuir Gary Joyce agus Rory O'Rourke ó Genesis comhairle orainn le linn an phróisis. I dteannta a chéile, rinneamar agallaimh, reáchtáladh go leor ceardlann agus tionóladh imeacht comhairliúcháin i bhfoirm 'world-café' agus d'fhreastail meascán ionadaíoch dár bhfoireann agus dár bpáirtithe leasmhara orthu seo.

Chuireamar tús lenár gcomhairliúcháin i mí Mheán Fómhair 2023. Críochnaíodh agus d'fhaomh an Stiúrthóir agus Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann an Plean Straitéiseach i 2024.


Rachel Ruysch
1742

## Creidmheasanna ealaíne:

Clúdach: Joseph Walsh, b.1979, *Magnus Modus* (mionghné), 2017.

L 7: Harry Clarke, 1889–1931, *The Song of the Mad Prince*, 1917, NGI.12074.

L 10–11: Michelangelo Merisi da Caravaggio, 1571–1610, *The Taking of Christ*, 1602, L.14702.

L 12 (ar dheis): Lavinia Fontana, 1552–1614, *Judith with the Head of Holofernes*, c.1595–1600. Musei Civici d'Arte Antica, Museo Davia Bargellini, Bologna.

L12 (ar chlé), 13: Lavinia Fontana, 1552–1614, *The Visit of the Queen of Sheba to King Solomon*, 1599, NGI.76.

L 16: Silver Olympic medal awarded to Jack Butler Yeats for *The Liffey Swim* (NGI.941) in the painting competition, Paris games, 1924, IE NGI/YA/Y1/JY/10/2/2.

L 17: Jack B. Yeats, 1871–1957, *The Liffey Swim*, 1923, NGI.941.

L 21: Ludovico Mazzolino, c.1480–c.1530, *The Crossing of the Red Sea*, 1521, NGI.666.

L 22 (in íochtar ar dheis): Vera Klute, b. 1981, *Garry Hynes (b.1953), Theatre Director, Co-founder of Druid Theatre* (mionghné), 2017, NGI.2017.1.

L 26–27: Paul Cézanne, 1839–1906, *La Vie des Champs,* c.1876–77, NGI.2023.1.

L 31: Rachel Ruysch, 1664–1750, *Vase of Flowers with an Ear of Corn*, 1742, NGI.2023.20

## Creidmheasanna grianghrafadóireachta:

Clúdach, PP 9, 11 (ar chlé): Ste Murray

L 4 (ar chlé), 19: Anthony Woods

L 4 (ar dheis), 16: Abe Neihum

L 6: Julien Behal

L 7: Grianghraf © Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

L 10, 11 (ar dheis), 12 (ar chlé), 13, 21 (in uachtar ar chlé), 26, 27 (in íochtar), 31: Grianghraf, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

L 12 (ar dheis), 22 (in uachtar), 24: Naoise Culhane

L 17: © Forchoimeádta Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

L 21: (in uachtar ar dheis, in íochtar ar chlé agus ar dheis): Molly Keane Photography

L 22 (in íochtar ar chlé): Mark Maxwell

L 22 (in íochtar ar dheis): Jack Caffrey, The Pimlico Project

L 27 (in uachtar): Mark Stedman

L 28: Fennell Photography

## Foilsithe ag:

Gailearaí Náisiúnta na hÉireann.
Cearnóg Mhuirfean Thiar
Baile Átha Cliath 2
D02 K303

nationalgallery.ie
© Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, 2024
Uimhir Charthanais Chláraithe/RCN 20003029
Uimhir um Dhíolúine Chánach do Charthanachtaí /CHY 2345
ISSN: 2990-8639

**Design by:** Wonder Works

GAILEARAÍ NÁISIÚNTA na hÉIREANN
NATIONAL GALLERY of IRELAND